C/2025/6049

6.11.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/6049)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Antequera'

Uimhir thagartha AE: PDO-ES-0327-AM02 - 31.7.2025

1. **Ainm an táirge**

Antequera

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ TGFC

☑ ATFC

☐ TG

3. **Earnáil**

☑ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

an Spáinn

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Ainm

Ard-Stiúrthóireacht na dTionscal Agraibhia, na Nuálaíochta agus Shlabhra an tSoláthair Bia

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Tagann an leasú formheasta faoin sainmhíniú ar leasú caighdeánach dá bhforáiltear in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143, ós rud é nach n-áirítear leis athrú ar ainm ná ar úsáid an ainm, nach bhfuil riosca ann go gcuirfí an nasc bunaithe leis an limistéar geografach ar neamhní leis agus nach bhfuil srianta breise ar chur ar an margadh an táirge i gceist leis. Leis an leasú sin, déantar an leasú sealadach a formheasadh le hOrdú an 11 Márta 2024 ó Aireacht Talmhaíochta, Iascaigh, Uisce agus Forbartha Tuaithe Rialtas Réigiúnach na hAndalúise buan. Bhí údar leis an leasú sin mar gheall ar an tionchar mór a bhí ag triomach agus ag an athrú aeráide ar gharráin ológ agus ar bhuaint ológ, rud a dhéanann difear fós do shaintréithe fisiciceimiceacha na n-olaí olóige úríona ón limistéar geografach a chumhdaítear le ATFC Antequera.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

Leasú ar na teorainneacha maidir le haigéad oiléach agus aigéad líonoiléach

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

Cur síos

Baineann an leasú le pointe B.3.), 'Saintréithe fisiceacha, ceimiceacha agus orgánaileipteacha na n-olaí', den tsonraíocht táirge agus leis an roinn 'Sainiúlacht an táirge' de phointe 5, 'Nasc leis an limistéar geografach', den doiciméad aonair.

Leasaíodh na teorainneacha maidir le haigéad oiléach ó luachanna 'idir 78 % agus 81 %' go dtí luachanna 'idir 72 % agus 81 %' agus leasaíodh na teorainneacha maidir le haigéad líonoiléach ó 'idir 5 % agus 8 %' go dtí 'idir 4 % agus 10 %'.

Réasún:

Léirítear i staidéir agus i dtaifid le 5 bliana anuas go bhfuil an t-athrú aeráide ag déanamh difear mór do phróifíl aigéid shailligh ola olóige, go háirithe a cion aigéid oiléaigh, a mbaineann an laghdú atá tagtha air le ganntanas uisce agus le teochtaí arda. Athraíonn an laghdú sin cion na n-aigéad sailleach sáithithe agus neamhsháithithe agus baineann sé go hinbhéartach le cion an aigéid líonoiléaigh, rud a mhéadaíonn go comhuaineach.

Dá bhrí sin, glacadh an cur chuige teicniúil maidir leis na raonta bunaithe le haghaidh aigéid oiléacha agus aigéid líonoiléacha a leasú, lena gcomhlíontar na rialacha atá i bhfeidhm agus lena ráthaítear cáilíocht na hola atá faoi chosaint ag an ATFC 'Antequera'.

☑ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Teideal

Anailís ar pharaiméadair a bhaineann le haigéid shailleacha a scriosadh

Cur síos

Baineann an leasú le pointe B.3.), 'Saintréithe fisiceacha, ceimiceacha agus orgánaileipteacha na n-olaí', den tsonraíocht táirge agus leis an roinn 'Sainiúlacht an táirge' de phointe 5, 'Nasc leis an limistéar geografach', den doiciméad aonair.

Scriosadh tagairt d'anailís a dhéanamh ar na paraiméadair a bhaineann leis an gcóimheas idir aigéid shailleacha mhonai-neamhsháithithe/sháithithe agus aigéid oiléacha/líonoiléineacha.

Réasún:

Tá údar le paraiméadair a bhaineann le cóimheasa idir aigéid shailleacha mhonai-neamhsháithithe/sháithithe agus aigéid oiléacha/líonoiléineacha a scriosadh mar tháscairí indíreacha maidir le cobhsaíocht ocsaídiúcháin ola olóige ar bhonn na fianaise eolaíche atá ann faoi láthair. Rinneadh measúnú ceart ar chobhsaíocht ocsaídiúcháin na hola cheana féin trí úsáid a bhaint as paraiméadair cáilíochta luacha K270 agus sárocsaíde, a dhéanann anailís dhíreach ar mhéid an ocsaídiúcháin.

☑ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú eagarthóireachta

Cur síos

Baineann an leasú le pointe B.3.), 'Saintréithe fisiceacha, ceimiceacha agus orgánaileipteacha na n-olaí', den tsonraíocht táirge agus leis an roinn 'Sainiúlacht an táirge' de phointe 5, 'Nasc leis an limistéar geografach', den doiciméad aonair.

Scriosadh an ceathrú mír sa dá dhoiciméad araon:

'Laistigh de chodán neamh-inghallúnaithe olaí Antequera, tá ardleibhéil stéaról meitile ann, ar mó iad ná 30 mg/100 mg ola.'

Réasún:

Scriosadh an ceanglas maidir le leibhéil stéaróil mheitile a bheith os cionn 30 mg/100 mg ola toisc nach bhfuil aon mhodh oifigiúil bailíochtaithe faoi láthair chun anailís a dhéanamh air sin in olaí olóige úríona faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2105 ón gCoimisiún an 29 Iúil 2022 lena leagtar síos rialacha maidir le modhanna anailíse ar shaintréithe ola olóige.

Dá bhrí sin, ní féidir anailís den sórt sin a éileamh ar aon saotharlann chreidiúnaithe, toisc nach bhfuil modh sonrach ná caighdeánaithe acu chun anailís a dhéanamh ar an bparaiméadar sin. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcomhlacht deimhniúcháin faireachán ná fíorú a dhéanamh ar chomhlíontacht, rud a fhágann nach féidir an anailís sin a chur i bhfeidhm laistigh den chreat rialaithe oifigiúil.

☑ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Teideal

Na bardais a thabhairt cothrom le dáta gan an limistéar geografach sainithe a athrú

Cur síos

Baineann an leasú leis na ranna dar teideal 'Suíomh agus críochú an limistéir' agus 'Limistéar táirgeachta iomlán agus limistéar garrán ológ' i bpointe C), 'Limistéar geografach', den tsonraíocht táirge agus pointe 4, 'Tuairisc achomair ar an limistéar geografach', den doiciméad aonair.

Sa tsonraíocht táirge:

An mhír:

'Tá 17 mbardas sa limistéar táirgeachta sa chuid thuaidh de chúige Málaga, is iad sin Alameda, Almargen, Antequera, Archidona, Campillos, Cañete La Real, Cuevas Bajas, Cuevas de San Marcos, Fuente de Piedra, Humilladero, Mollina, Sierra de Yeguas, Teba, Villanueva de Algaidas, Villanueva del Rosario, Villanueva del Trabuco agus Villanueva de Tapia, agus tá bardas amháin i gcúige Córdoba, is é sin Palenciana.'

cuireadh an méid seo a leanas ina hionad:

'Tá 18 mbardas sa limistéar táirgeachta sa chuid thuaidh de chúige Málaga, is iad sin Alameda, Almargen, Antequera, Archidona, Campillos, Cañete La Real, Cuevas Bajas, Cuevas de San Marcos, Fuente de Piedra, Humilladero, Mollina, Sierra de Yeguas, Teba, Villanueva de Algaidas, Villanueva de la Concepción, Villanueva del Rosario, Villanueva del Trabuco agus Villanueva de Tapia, agus tá bardas amháin i gcúige Córdoba, is é sin Palenciana.'

Réasún:

Áiríodh bardas Villanueva de la Concepción ar liosta na mbardas atá sa limistéar táirgeachta faoi chosaint, ar measadh roimhe seo gur údarás áitiúil féinrialaitheach de chuid bhardas Antequera é. Dá bhrí sin, níl aon athrú ar an limistéar táirgeachta iomlán faoi chosaint ná ar an limistéar garrán ológ; níor tugadh cothrom le dáta ach liosta na mbardas.

☑ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar na ceanglais a bhaineann le críochú an limistéir agus an limistéir garrán ológ

Cur síos

Baineann an leasú leis na ranna dar teideal 'Suíomh agus críochú an limistéir' agus 'Limistéar táirgeachta iomlán agus limistéar garrán ológ' i bpointe C), 'Limistéar geografach', den tsonraíocht táirge agus pointe 4, 'Tuairisc achomair ar an limistéar geografach', den doiciméad aonair.

Scriostar an mhír seo a leanas:

'Limistéar táirgeachta iomlán agus limistéar garrán ológ: Is é 2 150 km^2 an limistéar táirgeachta iomlán agus is é 75 000 ha an limistéar garrán ológ iomlán, agus é dáilte ar fud na mbardas seo a leanas:'

Scriosadh an tábla a lean an mhír sin freisin.

Réasún:

Scriosadh an fhaisnéis sin i bhfianaise inathraitheacht an limistéir a úsáidtear chun garráin ológ a fhás, ag brath ar thosca socheacnamaíocha, aeráide, eacnamaíocha agus margaidh.

☑ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Teideal

Solúbthacht mhéadaithe i ndeimhniú oibreoirí

Cur síos

Baineann an leasú le pointe E), 'Tuairisc ar an modh táirgthe', roinn f), 'Iompar i mbulc agus i bpacáistíocht', den tsonraíocht táirge mar a leanas:

An mhír:

'b) Córais dearbhaithe cáilíochta óna bhfaightear an ola ar an mórchóir go dtí go seoltar an ola phacáistithe, i gcomhréir le caighdeán ISO 9001:2000 arna leasú ina dhiaidh sin. Ní mór an córas cáilíochta a bheith deimhnithe ag comhlacht atá creidiúnaithe ag ENAC (Comhlacht Náisiúnta Creidiúnaithe na Spáinne).'

cuireadh an méid seo a leanas ina hionad:

'b) Córais dearbhaithe cáilíochta óna bhfaightear an ola ar an mórchóir go dtí go seoltar an ola phacáistithe, i gcomhréir le caighdeán ISO 9001:2000 nó caighdeáin atá aitheanta ag Innéacs Domhanda na Slándála Bia a thagraíonn do chórais bainistíochta sábháilteachta bia.'

Réasún:

Maolaíodh an ceanglas a bhí ann roimhe seo ar oibreoirí caighdeán ISO 9001:2000 a chomhlíonadh trí chomhlíontacht a cheadú, de rogha air sin, le caighdeáin atá aitheanta ag Innéacs Domhanda na Slándála Bia (córais bainistíochta sábháilteachta bia ina n-ionchorpraítear ceanglais bainistíochta cáilíochta freisin), rud a chuireann ar a gcumas d'oibreoirí a gcórais a oiriúnú d'éilimh an mhargaidh agus deimhniú is fearr a roghnú a oireann dá bpróisis agus dá riachtanais.

☐ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú eagarthóireachta

Cur síos

Baineann an leasú le pointe E), 'Tuairisc ar an modh táirgthe', roinn f), 'Iompar i mbulc agus i bpacáistíocht', den tsonraíocht táirge mar a leanas:

Scriostar an mhír seo a leanas:

'(j) Saotharlann fhisiciceimiceach agus painéal blaiste i gcás ola go sonrach nó, ina éagmais sin, painéal blaiste atá creidiúnaithe i gcomhréir le caighdeán EN ISO/IEC 17025, chun na holaí a fhaightear, a stóráiltear agus a phacáistítear a aicmiú chun sonraíocht táirge an ainmniúcháin tionscnaimh a chomhlíonadh.'

Tá deireadh curtha againn leis an gceanglas sin, a bhaineann le seiceálacha an oibreora féin agus ní leis na ceanglais táirge, ós rud é, i gcomhréir leis na rialacha lena rialaítear tásca geografacha, nach mór d'oibreoirí féinseiceálacha inmheánacha a dhéanamh chun comhlíonadh na gceanglas a leagtar síos sa tsonraíocht táirge a áirithiú.

☐ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le táirgí talmhaíochta

'Antequera'

Uimhir thagartha AE: PDO-ES-0327-AM02 - 31.7.2025

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Antequera

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ TG

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

an Spáinn

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

15 – SAILLTE AGUS OLAÍ AINMHÍOCHA, PLANDÚLA NÓ MIOCRÓBACHA AGUS A dTÁIRGÍ SCOILTE; SAILLTE INITE ULLMHAITHE; CÉARACHA PLANDÚLA NÓ AINMHÍOCHA

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Ola olóige úríon, a fhaightear ó thorthaí an chrainn ológ (*Olea europea* L.), agus úsáid á baint go heisiach as nósanna imeachta fisiceacha nó meicniúla ag teocht nach ndéanann difear do chomhdhéanamh ceimiceach nádúrtha na hola, rud a chaomhnaíonn blas, dea-bholadh agus saintréithe na dtorthaí as a dtáirgtear í.

A mhéid a bhaineann lena n-airíonna orgánaileipteacha, tá torthaíocht na n-ológ glas, torthaí aibí eile, almóinn, bananaí agus féar glas i ndéine idir measartha agus ard i gceist leis na holaí sin. Bíonn leibhéil searbhais agus spíosraitheachta idir éadrom agus meánach i gceist leo freisin, leibhéil a chuireann go foirfe le blasanna eile atá beagán milis.

Ní mór na holaí a chumhdaítear leis an ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Antequera' a bheith ina n-olaí olóige úríona agus ní mór na hairíonna seo a leanas a bheith acu:

Paraiméadair fhisiceimiceacha	
Aigéadacht (%)	Uasmhéid 0,3
Luach sárocsaíde (meq ocsaigin in aghaidh an kg d'ola)	Uasmhéid 10
K_{270} (ionsúiteacht 270 nm)	Uasmhéid 0,18
Tréithe orgánaileipteacha:	
Airmheán le haghaidh torthaíochta	Níos mó ná nó cothrom le 4
Scór airmheánach as lochtanna	Cothrom le 0

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le tásc geografach faoi chosaint agus sa chás sin amháin)*

Ola olóige úríon, a fhaightear ó thorthaí an chrainn ológ (*Olea europea* L.) den chineál Hojiblanca, agus d'fhéadfaí cineálacha mionlaigh amhail Picual nó Marteño, Arbequina, Picudo, Lechín de Sevilla nó Zorzaleño, Picudo, Gordal de Archidona, Verdial de Vélez Málaga agus Verdial de Huévar a chur léi.

Is é Hojiblanca an príomhchineál nó an cineál tromlaigh, ós rud é gur den chineál sin os cionn 90 % de na hológa a fhástar sa limistéar. Meastar gur cineálacha tánaisteacha iad na cineálacha eile agus ní fhástar iad chomh forleathan céanna sa limistéar. Meastar gur de thionscnamh áitiúil iad na cineálacha Hojiblanca agus Gordal de Archidona.

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór na hológa a úsáidtear chun an táirge a fháil a bheith ina gcineálacha formheasta ó gharráin ológ cláraithe atá suite laistigh den limistéar táirgeachta.

Ní mór an ola a eastóscadh i muilte cláraithe atá suite laistigh den limistéar táirgeachta a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos.

Roinntear an táirgeadh sna céimeanna seo a leanas: na hológa a ghlanadh, a ní agus a mheá, an phrabhait a bhualadh, solaid agus leachtanna a dheighilt trí lártheifneoiriú leanúnach, leachtanna a dheighilt trí lártheifneoiriú leanúnach, scinceáil agus stóráil.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, sliseadh, grátáil etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór an ola a phacáistiú i gcoimeádáin atá déanta as gloine dhorcha, as plaisteach dorcha, as miotal atá líneáilte le hábhar de ghrád bia nó as ceirmeach. I ngach cás, ní mór iad a bheith ina gcoimeádáin de ghrád bia a chomhlíonann an reachtaíocht atá ann cheana, toisc go gcoinníonn siad airíonna fisiceacha/ceimiceacha agus orgánaileipteacha na hola ar bun agus go gcuireann siad cosc ar athrú cháilíocht an ábhair mar gheall ar mhinicíocht níos ísle an tsolais, rud a mhéadódh ráta ocsaídiúcháin na hola.

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór don Bhord Rialála lipéid tráchtála gach cuideachta chláraithe a sheiceáil a mhéid a bhaineann le húsáid lógó an Ainmniúcháin. Ní mór an fhoclaíocht seo a leanas a bheith ar lipéid: 'Denominación de Origen Protegida Antequera' nó lógó an ainmniúcháin tionscnaimh, agus siombail an Aontais.

Ní mór séala baránta, liteagraf, lipéid nó lipéid thánaisteacha, nach mór don Bhord Rialála a uimhriú agus a eisiúint nó a sheiceáil a mhéid a bhaineann le húsáid lógó an ainmniúcháin, a bheith ar gach pacáistíocht ina seoltar an ola chosanta lena tomhailt. Ní mór na lipéid thánaisteacha sin a ghreamú go heisiach sa mhonarcha buidéalaithe cláraithe ar bhealach nach féidir iad a athúsáid.

4.7. *Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach*

Cuimsíonn an limistéar táirgeachta críocha na mbardas seo a leanas i gCúige Málaga: Alameda, Almargen, Antequera, Archidona, Campillos, Cañete La Real, Cuevas Bajas, Cuevas de San Marcos, Fuente de Piedra, Humilladero, Mollina, Sierra de Yeguas, Teba, Villanueva de Algaidas, Villanueva de la Concepción, Villanueva del Rosario, Villanueva del Trabuco agus Villanueva de Tapia, agus Bardas Palenciana i gCúige Córdoba.

5. Nasc leis an limistéar geografach

Achoimre ar an nasc

Sainiúlacht an limistéir gheografaigh

Táirgtear na holaí sa limistéar nádúrtha a fhoirmíonn Logán Antequera, ar imeall thiar logáin Ionbháéiteacha na hAndalúise. Sa tuaisceart tá teorainn aige le cúigí Córdoba agus Sevilla, le cúigí Seville agus Cádiz san iarthar, agus le Granada san oirthear. Sa deisceart tá teorainn aige leis na sliabhraonta Fobháéiteacha, a scarann é ó Montes de Málaga, Hoyas in Valle del Guadalhorce agus Serranía de Ronda, gach ceantar i gCúige Málaga.

Tá saintréithe geomoirfeolaíocha agus aeráide ar leith sa limistéar sin. Cumhdaítear leis limistéar logáin ina bhfuil topagrafaíocht mhín ag airde 400-600 m, agus sraith sliabhraonta timpeall air ó thuaidh (an Córas Fobháéiteach) agus ó dheas (an Córas Neasbháéiteach) a thugann dálaí miocraeráide agus ithreach don limistéar atá oiriúnach do shaothrú ológ.

Fástar na hológa idir 450 agus 600 méadar os cionn leibhéal na mara, in ithir mheándomhain atá an-aolmhar (carbónáit aoil 20-70 %). Ós rud é go ndraenálann an limistéar máguaird isteach i Logán Antequera, tá leibhéil éagsúla léibhinn abhann tar éis forbairt, agus cainníochtaí móra sil-leagain threasacha orthu uile, lena n-áirítear cré dhearg ón Tréimhse Phléicéineach Láir, a sholáthraíonn méideanna flúirseacha potaisiam do na crainn ológ agus a bhfuil leibhéil arda coinneála taise acu. Cuireann sé sin fásra chun cinn sna crainn ológ, rud atá tábhachtach ós rud é nach ndéantar níos mó ná 90 % den talamh fáschoille a uisciú. Tá aeráid Mheánmhuirí idir measartha agus te ag limistéar Antequera, lena mbaineann roinnt saintréithe ilchríochacha mar gheall ar a shuíomh i logáin Ionbháéiteacha na hAndalúise. Cruthaíonn an staid sin codarsnachtaí móra sa teocht idir an samhradh agus an geimhreadh agus idir oíche agus lá. Bíonn na meánteochtaí sa mhí is fuaire (mí Eanáir nó mí na Nollag) idir 6 °C agus 9 °C. Is iad mí Iúil agus mí Lúnasa na míonna is teo, agus bíonn na meánteochtaí idir 22 °C agus 27 °C.

Sainiúlacht an táirge

A mhéid a bhaineann lena hairíonna orgánaileipteacha, bíonn déine idir measartha agus ard de thorthaíocht olóige glaise, ag a bhfuil scór airmheánach 4 nó níos mó, agus ina bhfuil raon saintréithe dearfacha de thorthaí aibí eile, almóinní, bananaí agus féar glas i gceist le hola olóige úríon an ATFC 'Antequera'. Bíonn leibhéil searbhais agus spíosraitheachta idir éadrom agus meánach i gceist leis na holaí, leibhéil a chuireann go foirfe le blasanna eile atá beagán milis. A mhéid a bhaineann lena airíonna fisiceacha/ceimiceacha, tá aigéadacht íseal (níos lú ná 0,3 %), cion íseal sárocsaíde (níos lú ná 10) agus ionsúiteacht íseal ultraivialaite (K_{270}) (níos lú ná 0,18) ag an táirge.

Tá comhdhéanamh aigéid shailligh dea-chothromaithe ann. Tá an cion aigéid oiléaigh ard ag idir 72 % agus 81 % agus tá meánleibhéil aigéid líonoiléach idir 4 % agus 10 % ann.

Is olaí measartha cobhsaí iad a bhuí lena dtiúchainí arda tócaifearól. Fágann sé sin go bhfuil olaí Antequera lán le vitimín E.

Nasc cúisíoch idir an limistéar geografach agus saintréithe an táirge

De bharr fhulaingt chineál dúchasach Hojiblanca ar ithreacha aolmhara an limistéir gheografaigh, mar gheall ar an ngá atá ag an gcrann cailciam a eastóscadh as an ithir, mar aon le haeráid Mheánmhuirí an limistéir, a bhfuil saintréithe ilchríochacha ann mar gheall ar a shuíomh i logáin na hAndalúise, agus a gheimhrí fuara tirime, ciallaíonn sé go dtáirgeann an cineál sin, a bhuantar i ngarráin ológ an limistéir le linn mhíonna na dteochtaí ísle, olaí a bhfuil torthaíocht ológ glas, agus airmheán 4 nó níos mó acu, agus raon tréithe dearfacha torthaí aibí eile, almóinní, bananaí agus féar glas agus leibhéil searbhais agus spíosraitheachta idir éadrom agus meánach. A mhéid a bhaineann lena n-airíonna fisiceacha/ceimiceacha, tá aigéadacht íseal (níos lú ná 0,3), luach sárocsaíde níos lú ná 10 agus ionsúiteacht ultraivialaite níos lú ná 0,18 ag na holaí.

Cuireann na teochtaí ísle sa gheimhreadh ar saintréith den limistéar geografach iad moill ar thréimhse aibithe chineál dúchasach Hojiblanca, rud a athraíonn próifíl aigéid na n-olaí a tháirgtear chun leibhéil níos airde aigéid oiléaigh (idir 72 % agus 81 %) agus leibhéil níos ísle d'aigéid shailleacha sháithithe agus neamhsháithithe a thabhairt.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://lajunta.es/5kbo7